Bulaíocht ar leanaí eile i measc leanaí scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 9

An Dr Kieran Walsh, Pauline Clerkin, Uasal, agus an Dr Saoirse Nic Gabhainn, an tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh

Achoimre

Thuairiscigh HBSC na hÉireann go ndearna 20.2% de leanaí bulaíocht ar leanaí eile, (28.7% de bhuachaillí agus 14% de chailíní), rud a léiríonn laghdú beag ó 1998. Ardaíonn céatadán na mbuachaillí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile le haois suas go buachaillí idir 12-14 bliana d'aois (30.5%) agus ansin fanann sé seasmhach, (21.2% de leanaí idir 10-11 bhliain d'aois agus 30.5% de leanaí idir 15-17 mbliana d'aois). Déanann cailíní idir 12-14 bliana d'aois an méid is mó bulaíochta ar leanaí eile (15.2%), (i gcomparáid le 12.0% de chailíní idir 10-11 bhliain d'aois agus 13.6% de chailíní 15-17 mbliana d'aois). I gcás leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile, is iondúil nach gcónaíonn siad leis an mbeirt tuismitheoirí, nach mbíonn siad ábalta labhairt go héasca lena dtuismitheoirí, nach dtaitníonn an scoil leo, nach mbíonn sláinte fhíormhaith acu agus nach mothaíonn siad sásta, agus is mó an seans go gcaithfidh siad níos mó ná ceithre thráthnóna sa tseachtain lena gcairde agus go mbeidh brú orthu maidir le hobair scoile. Tagraíonn bulaíocht ar leanaí eile sa bhileog fíricí seo do leanaí a thuairiscíonn go ndearna siad bulaíocht ar dhalta(í) eile ag an scoil uair amháin nó níos mó le cúpla mí anuas.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Is fadhb í an bhulaíocht i scoileanna na hÉireann agus áirítear leis iompar ar nós spochadh, magadh, bagairt, bualadh, eisiacht agus sracadh[3,4]. I gcás na ndaltaí a dhéanann bulaíocht ar dhaltaí eile is mó an seans nach mbeidh suim acu sa scoil agus is mó an seans go mbeidh siad páirteach in iompar atá baolach don sláinte ar nós caitheamh tobac agus an iomarca ólacháin. Chomh maith leis sin, is minic a dhéantar bulaíocht ar na leanaí seo iad féin[5].

Treochtaí 1998 – 2002

Tá laghdú beag tagtha ar chéatadán na leanaí a thuairiscigh go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile idir 1998 (24%) agus 2002 (20.2%). Tá laghdú suntasach

...Bulaíocht ar leanaí eile i measc leanaí scoile na hÉireann

le sonrú i measc buachaillí (34.4% go 28.7%) cé go bhfuil céatadán na gcailíní a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile fanta réasúnta seasmhach ag 14%. Tá an laghdú is suntasaí le sonrú i measc buachaillí atá idir 10-11 bhliain d'aois (32.1% go 21.1%) agus i measc buachaillí idir 15-17 mbliana d'aois (37.1% go 30.5%).



Céatadán leanaí a rinne bulaíocht ar leanaí eile de réir aoise agus inscne, HBSC 2002

Bulaíocht ar leanaí eile a chur i gcomhthéacs

- Is lú an seans go ndéanfaidh leanaí a chónaíonn leis an mbeirt tuismitheoirí bulaíocht ar leanaí eile, i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn leis an mbeirt tuismitheoirí (20% vs 22%).
- Bíonn sé níos deacra ag leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile labhairt lena máithreacha (70% vs 77%) agus lena n-aithreacha (45.6% vs 54.4%), ná mar a bhíonn sé ag leanaí nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.
- Is mó seans go gcaitheann leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile níos mó ná ceithre thráthnóna sa tseachtain lena gcairde ná leanaí nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile (48% vs 37%).
- Is mó an seans go ndéarfaidh leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile nach dtaitníonn an scoil leo ná iad siúd nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile (60% vs 71%).
- Is mó an seans go ndéarfaidh leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile go mbíonn siad faoi bhrú ag obair scoile ná iad siúd nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile (39% vs 34%).
- Is lú seans go bhfuil sláinte fhíormhaith ag leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile (24% vs 29%) ná go bhfuil siad sásta lena saol (36% vs 46%), i gcomparáid le leanaí nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.
- Níl baint ag bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile le haicmí sóisialta nó bheith ábalta labhairt le dlúthchairde go héasca.

...Bulaíocht ar leanaí eile i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí 15 bliana d'aois a thuairiscíonn go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Áirítear leanaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní) sa tríochadú háit as 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 23% ag tuairisciú go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile. Ina iomláine, tuairiscíonn 19% de leanaí Éireannacha aon bhliain déag d'aois (áirithe sa tríochadú háit) agus 24% de leanaí Éireannacha trí bliana déag d'aois (áirithe sa dara háit is tríocha) go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile.

Impleachtaí

Tá an céatadán foriomlán daoine óga in Éirinn a dúirt go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile laghdaithe ó 1998, agus tá sé íseal i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Tugann na torthaí seo le tuiscint go gcabhraíonn caidreamh láidir teaghlaigh le cosc a chur ar leanaí bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile, agus gur féidir le caidreamh láidir le piaraí a bheith bainteach le hiompar den chineál seo. Anuas air sin, is mó an seans go mbeidh brú maidir le hobair scoile ar leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile agus go gceapann siad go bhfuil drochshláinte acu agus nach mothaíonn siad sásta faoina saol. De réir na dtorthaí a chuirtear i láthair sa bhileog fíricí seo, tá níos mó infheistíochta ag teastáil chun taighde a dhéanamh ar a spreagann leanaí chun bulaíocht a dhéanamh agus na pátrúin a bhíonn le sonrú nuair a thosaíonn leanaí ar bhulaíocht.

...Bulaíocht ar leanaí eile i measc leanaí scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí.) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagí.) (2004). *Young people's health in context*. Health Policy for Children and Adolescent No. 4. Cóbanhávan: WHO-Europe.

3. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001). *Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

4. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004). *Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Mheánscoileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

5. Olweus, D. (1994). Bullying at school: long term outcomes for the victims and an effective school based intervention program. In: L.R. Huesmann (eag.) *Aggressive Behavior: Current Perspectives.* Nua-Eabhrac: Plenum Press.

Staidéar taighde is ea HBSC na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (an Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. In 2002, rinne HBSC na Éireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna randamacha ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.